2023.M106T

2023L568A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Ardleibhéal

## Dé Máirt 27 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:00

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 50 marc |
| Roinn B | Ceisteanna bunaithe ar Shonraí | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 200 marc |

Freagair Gach Roinn.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Ní ceadmhach do chuid freagraí a scríobh ach amháin le peann gorm nó dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

## Roinn A　　Ceisteanna Gearrfhreagra　　50 marc

Freagair **deich gcinn** ar bith de na míreanna seo a leanas: **(a), (b), (c)…**

**Ceist 1**

**(a)** Tabhair gné dhearfach **amháin** agus gné dhiúltach **amháin** de chomhrialtais.

**(b)** Déan trácht ar dhearcadh an duine óig seo maidir leis an rannpháirtíocht, a tógadh as tuarascáil a choimisiúnaigh an Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí agus a foilsíodh in 2022.




**"Measaim gurb ionann rannpháirtíocht agus labhairt faoi na dearcthaí atá agat agus ansin iarracht a dhéanamh na dearcthaí sin a chur i ngníomh. Is féidir dearcthaí a bheith ag aon duine ach is gá iad a chur i ngníomh más mian leat iad a chur i gcrích."**

**(c)** Tabhair láidreacht **amháin** agus laige **amháin** a bhaineann leis an Seanad.

**(d)** D'fhoilsigh an tAire Nic an tSaoi Bille le déanaí chun dlíthe a nuashonrú lena ndéantar coir den fhuathchaint agus chun reachtaíocht a rith in aghaidh coireanna fuatha den chéad uair i ndlí na hÉireann. Déan trácht ar an ngá le Bille den sórt sin in Éirinn.

**(e)** 



Déan trácht ar an íomhá seo i gcomhthéacs chumas an duine aonair i dtaca le maireachtáil ar shlí inbhuanaithe.

www.joannavictoria.co.uk/2019/09/8-reasons-to-buy-second-hand.html

**(f)** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi comhthionól Thuaisceart Éireann.

**(g)** Déan cur síos ar an rud a chiallaíonn sé nuair a dhéanann stáit comhaontú le gníomhú ar son cearta a chur i bhfeidhm 'a mhéid is féidir de réir a gcumais'.

**(h)** Mínigh go hachomair teoiric amháin ina n-aithnítear an timpeallacht agus an geilleagar a bheith ina saincheisteanna domhanda atá nasctha le chéile agus nach mór dul i ngleic leo go háitiúil. Ainmnigh teoiricí a luaitear leis an teoiric sin.

**(i)** 


Déan trácht ar an ráiteas seo a postáladh ar leathanach Twitter Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Antonio Guterres.

https://twitter.com/antonioguterres/status/1570215446061670401

**(j)** 'Baineann comhionannas inscne le cearta daonna, leis an gceartas agus le cothrom na féinne.' Ní mór é a bheith mar thaca faoinár n-idirghníomhaíocht go léir mar shochaí.' Déan trácht ar an ráiteas sin atá sa *Tuarascáil ón Tionól Saoránach maidir le Comhionannas Inscne, 2021.*

**(k)** 

Rinne an Garda Síochána comóradh i nDeireadh Fómhair 2022, cothrom an ama a bunaíodh iad 100 bliain roimhe sin. Cén ról atá ag an nGarda Síochána i gcomhthéacs an chonartha shóisialta in Éirinn?


https://www.facebook.com/CahirNews/photos/a.399116570170315/5196688780413046/?type=3

**(l)** I do thuairim féin, an éiríonn leis an stiallchartún thíos dúshlán na steiréitiopaí inscne a thabhairt? Tabhair cúis le do fhreagra.




https://uncommonground962.wordpress.com/tag/sex/


**(m)** Nuair a cuireadh an cheist ar chóir d'Éirinn fanacht mar bhall den Aontas Eorpach, d'aontaigh 88% de na daoine gur chóir. Dá gcuirfí an cheist sin ortsa, cén freagra a thabharfá? Mínigh do fhreagra.




www.europeanmovement.ie/wp-content/uploads/2022/05/EMI-RED-C-Ireland-and-the-EU-Poll-2022-FINAL.pdf

**(n)** Bain **dhá** thátal as na sonraí thíos ó Dhaonáireamh Thuaisceart Éireann, 2021.

Taispeántar san íomhá an tslí ar athraigh staitisticí na féiniúlachta náisiúnta (bunaithe ar an náisiúntacht) ó Dhaonáireamh 2011




**Líon na ndaoine a bhfuil féiniúlachtaí náisiúnta roghnaithe acu (féiniúlacht amháin nó meascán díobh)**

www.nisra.gov.uk/system/files/statistics/census-2021-main-statistics-for-northern-ireland-phase-1-statistical-bulletin-national-identity.pdf

**(o)** Mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an tearcfhorbairt **agus** mol bealach **amháin** chun dul i ngleic leis an gceist sin.

| **Roinn B** | **Ceisteanna bunaithe ar Shonraí** | **150 marc** |
|---|---|---|

Freagair **gach** ceist sa roinn seo.  Freagair sa spás atá ar fáil.

**Doiciméad A: Tuarascáil ar Imirce Dhomhanda, 2022**

Tá an Eagraíocht Idirnáisiúnta um an Imirce (IOM) ina cuid de Chóras na Náisiún Aontaithe. Ó 1951 i leith is í an phríomheagraíocht idir-rialtasach í a chuireann an imirce dhaonnachtúil ordúil chun cinn ar mhaithe le gach duine. Tá 174 ballstát san eagraíocht agus tá ionadaíocht aici in os cionn 100 tír.

Is í an *Tuarascáil ar Imirce Dhomhanda* (WMR) foilseachán suaitheanta IOM. Tá an tuarascáil á cur amach gach dara bliain ó 2000. Freastalaítear sa WMR ar an ngá follasach, atá ag méadú, le taighde agus le hanailís ar an imirce atá mionchúiseach, tomhaiste agus bunaithe ar fhianaise, go háirithe anois nuair atá an-spéis sa topaic sin.

## Súil ar shonraí tábhachtacha faoin imirce



| Imircigh idirnáisiúnta | **281 milliún imirceach idirnáisiúnta** ar fud an domhain in 2020 nó 3.6 faoin gcéad de dhaonra an domhain | ↑ | Suas ó **272 milliún** (nó 3.5%) in 2019 |
|---|---|---|---|
| **Baineannaigh** | **135 milliún imirceach baineann idirnáisiúnta** ar fud an domhain in 2020, nó 3.5 faoin gcéad de dhaonra baineann an domhain | ↑ | Suas ó **130 milliún** (nó 3.4%) in 2019 |
| **Fireannaigh** | **146 milliún imirceach fireann idirnáisiúnta** ar fud an domhain in 2020, nó 3.7 faoin gcéad de dhaonra fireann an domhain | ↑ | Suas ó **141 milliún** (nó 3.6%) in 2019 |
| **Imircigh oibre** | **169 milliún oibrí imirceach** ar fud an domhain in 2019 | ↑ | Suas ó **164 milliún** ar fud an domhain in 2017 |
| **Imircigh ar iarraidh** | Timpeall **3,900 díobh marbh nó ar iarraidh** ar fud an domhain in 2020 | ↓ | Síos ó bheagnach **5,400** in 2019 |



| Daoine díláithrithe | **89.4 milliún duine díláithrithe** ar fud an domhain ag deireadh 2020 (ar a n-áirítear dídeanaithe, iarrthóirí tearmainn, Véiniséalaigh dhíláithrithe agus daoine díláithrithe ina dtír féin) | ↑ | Suas ó **84.8 milliún** in 2019 |
|---|---|---|---|
| **Dídeanaithe** | **26.4 milliún dídeanaí ar fud an domhain in 2020** | ↑ | Suas ó **26 milliún** in 2019 |
| **Iarrthóirí Tearmainn** | **4.1 milliún iarrthóir tearmainn ar fud an domhain in 2020** | ↓ | Síos ó **4.2 milliún** in 2019 |
| **Véiniséalaigh Díláithrithe** | **3.9 milliún Véiniséalach díláithrithe ar fud an domhain in 2020** (gan dídeanaithe ná iarrthóirí tearmainn a chur san áireamh) | ↑ | Suas ó **3.6 milliún** ar fud an domhain in 2019 |
| **Daoine Díláithrithe ina dTír féin (DDT)** | **55 milliún DDT ar fud an domhain in 2020:** 48 milliún mar gheall ar choinbhleacht agus foréigean; 7 milliún mar gheall ar thubaistí | ↑ | Suas ó **51 milliún** in 2019 |

Curtha in oiriúint

**Doiciméad B: Ailt ar líne (arna gcur in eagar), The New Humanitarian: 'Imirce agus díláithriú éigeantach',** Nollaig 2021 (le Eric Reidy, Eagarthóir Imirce) agus **'25 Bliana d'iriseoireacht ó chroílár na ngéarchéimeanna**', Meitheamh 2022.

Don dara bliain as a chéile, chuaigh paindéim COVID-19 i bhfeidhm ar an tsoghluaisteacht dhomhanda in 2021 ar shlite nach bhfacthas riamh roimhe. Níltear ag súil leis go mbeidh daoine a bhfuil pasanna agus víosaí acu in ann taisteal thar teorainneacha a oiread agus a bhíodh roimh an bpaindéim, go dtí 2024. Idir an dá linn, tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na ndaoine atá á ndíláithriú in aghaidh a dtola mar gheall ar thubaistí aeráide, ar choinbhleachtaí agus ar an bhforéigean – ina dtíortha féin agus go hidirnáisiúnta. Mhéadaigh an líon sin ó 82.4 milliún ag deireadh na bliana 2020 go dtí os cionn 84 milliún faoi mhí an Mheithimh 2021, de réir UNHCR, gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe le haghaidh dídeanaithe.

Níl na figiúirí don dara leath den bhliain ar fáil go fóill, ach tá tuilte a tharla de thoradh na géarchéime aeráide tar éis na céadta míle duine a dhíláithriú sa tSín, sa Mhalaeisia, sa tSúdáin Theas agus in áiteanna eile ar fud na cruinne ó bhí tús mhí Dheireadh Fómhair ann. Is tosca iad iarmhairtí dara hord na paindéime – ó mharbhántacht sa gheilleagar go dtí éagobhsaíocht pholaitiúil – atá ag déanamh an scéil níos measa agus ag brú ar dhaoine dul ar imirce.

Is cosúil go bhfuil dáileadh éagothrom vacsaíní COVID-19 ag cur leis an dinimic nó is mar gheall air sin atá na tíortha bochta á bhfágáil ar gcúl fad is atá geilleagar na dtíortha is saibhre ina bhfuil na rátaí vacsaínithe is airde ag teacht chucu féin arís níos tapúla.

I gcomparáid leis an mbliain seo caite, tá méadú ar líon na ndaoine atá ag taisteal ar na conairí imirce ó theorainn SAM le Meicsiceo go dtí Bearnas Darién idir an Cholóim agus Panama. Tá an méadú sin ag tarlú fad atá tíortha an Iarthair ag méadú ar a gcuid iarrachtaí srian a chur le rochtain ar dhídean a bheith ag daoine, agus bac a chur ar dhaoine teacht chun na dtíortha sin ar thóir sábháilteachta agus deiseanna. Is dóigh gurb iad na híomhánna is mó a léiríonn éagothroime sa tsoghluaisteacht dhomhanda i mbliana, agus a mhairfidh inár n-aigne i gcónaí, ná na híomhánna sin den ruaille buaille san aeraistriú a tharla le linn lucht SAM agus ECSAT (NATO) a bheith ag tarraingt siar as an Afganastáin nuair a bhí na Taliban ag athghabháil na cumhachta i gCabúl i mí Lúnasa – nuair a bhí greim ag daoine ar eitleáin mhíleata SAM agus iad ar tí éirí den talamh. D'éirigh le timpeall 113,000 Afganastánach imeacht ón Afganastáin le linn an aslonnaithe sin a mhair dhá sheachtain. Tá na mílte duine ag éalú ó dhrochiarmhairtí an aslonnaithe sin gach lá agus ag dul isteach san Iaráin atá in aice láimhe. Ach leathann polasaithe sriantacha mar a bheadh dúradáin ann agus cé gurb í an Iaráin – in éineacht leis an bPacastáin – a ghlac isteach formhór mór na ndídeanaithe ón Afganastáin leis na blianta móra fada, tá sí tar éis thart ar 360,000 dídeanaí a dhíbirt ó bhí mí Lúnasa ann.

Tá an díláithriú agus an imirce i measc iarmhairtí na ngéarchéimeanna a mbíonn tuairiscí againn orthu in *The New Humanitarian*. Is minic a chruthaíonn rialachas – nó míbhainistiú – na himirce tuilleadh drochiarmhairtí i dtaca leis an daonnúlachas de agus i dtaca le cearta daonna do na daoine sin a mbíonn orthu dul ar an imirce.

**The New Humanitarian**

**25 bliana d'iriseoireacht ó chroílár na ngéarchéimeanna**



I láthair na huaire, táimid ag obair le scríbhneoirí ar an talamh san Úcráin agus sna tíortha in aice láimhe chun scéalta a insint faoi dhaoine atá ag fulaingt agus ag freagairt do ghéarchéim dhaonnúil atá ag forbairt go tapa i rith an ama.

Táimid ag bailiú fianaise faoi na bagairtí atá á ndéanamh ar fhreagairtí daonnúla sa tír agus ag cur ardáin ar fáil dóibh sin atá faoi ionsaí. Is é an sprioc atá againn an fhírinne a chur in iúl daoibh nuair is rómhinic an mhífhaisnéis a bheith á scaipeadh. **(Meitheamh 2022)**

**Ceist 2**

**(a)** De réir Dhoiciméad A, cad is cuspóir don Tuarascáil ar Imirce Dhomhanda?

**(b)** Déan trácht ar 'The New Humanitarian' mar fhoinse sonraí.

**(c)** Scríobh anailís chriticiúil ar chur i láthair na fianaise sa dá dhoiciméad.


**(d)** Agus tagairt agat don eolas atá sa dá dhoiciméad, cad iad na cúiseanna leis an imirce éigeantach agus leis an díláithriú?


**(e)** Agus fianaise ón dá dhoiciméad á húsáid agat, tabhair breac-chuntas ar an ardú suntasach i líon na ndaoine atá díláithrithe ina dtír féin (DDT).

**(f)** Déan trácht ar 'drochiarmhairtí i dtaca leis an daonnúlachas agus le cearta daonna' is féidir a bheith mar thoradh ar mhíbhainistiú na himirce.

**(g)** Ag tarraingt duit ar an dá dhoiciméad agus ar na híomhánna thíos, cad iad na tátail is féidir leat a bhaint astu faoin imirce dhomhanda agus faoin díláithriú?

**Díláithrithe de bharr coinbhleachta in 2020**





**Díláithrithe de bharr tubaistí in 2020**

| **Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| Freagra |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 200 marc |
|---|---|---|

**Freagair dhá cheist as 3, 4, 5, 6 agus 7.**

**Ceist 3** **(100 marc)**

**Agus samplaí comhaimseartha á n-úsáid agat, pléigh éifeachtacht, nó easpa éifeachtachta, agóidí síochánta mar ghléas ríthábhachtach do shaoránaigh chun an t-athrú polaitiúil a chur i gcrích i sochaithe daonlathacha sa lá atá inniu ann.**

[Ba chóir tagairt a bheith i do fhreagra agat do smaointe beirt teoiricithe ar a laghad, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 4(a)** **(100 marc)**

Dúirt an tAthair Peter McVerry (ó Iontaobhas Peter McVerry – carthanas náisiúnta tithíochta agus easpa dídine) le déanaí go bhfuil sé "de fhreagracht ar rialtas na hÉireann freastal ar bhunriachtanais a chuid saoránach'.

(curtha in oiriúint, *The Irish Times*, 24 Meán Fómhair 2022)

**An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Déan é a phlé.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs náisiúnta a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do smaointe beirt teoiricithe ar a laghad, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**nó**

**Ceist 4(b)** **(100 marc)**

**An dtéann aicme shóisialta agus saibhreas chun tairbhe do dhuine i gcóras oideachais na hÉireann? Déan é a phlé.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise ó chomhthéacs náisiúnta a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do thuairimí beirt teoiricithe a ndearna tú staidéar orthu, agus ní mór duine amháin acu ar a laghad a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 5** **(100 marc)**




Deirtear i dtuarascáil a d'fhoilsigh an Mercy Corps, "Tá na meáin shóisialta tar éis teacht chun cinn mar ghléas cumhachtach don chumarsáid, don nascacht, do phobail agus, ar an drochuair, don choinbhleacht."

**Déan measúnú criticiúil ar nádúr athraitheach na meán comhaimseartha.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do smaointe teoiricí ainmnithe amháin a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi.]

**Ceist 6** **(100 marc)**

**Déan measúnú criticiúil ar cé acu is gá creataí idirnáisiúnta um chearta daonna a nuashonrú don 21ú haois nó nach gá.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise chomhaimseartha ó chomhthéacs áitiúil agus/nó domhanda a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt freisin do smaointe beirt teoiricithe ar a laghad, agus ní mór duine amháin acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa, agus/nó tagairt do dhearbhú/conradh/coinbhinsiún amháin nó níos mó maidir le cearta daonna.]

**Ceist 7** **(100 marc)**

Ar fud an domhain, tá na tíortha ar ioncam íseal agus ar mheán-ioncam ag streachailt le géarchéim thríthaobhach: an phaindéim, géarchéim na haeráide agus an méadú ar phraghsanna bia agus breosla mar gheall ar an gcogaíocht.

**Déan measúnú criticiúil ar an dearcadh go bhfuil ról le himirt ag comhlachtaí fornáisiúnta chun dul i ngleic le fadhbanna i dtíortha atá i mbéal forbartha.**

[Ba cheart samplaí agus fianaise a thabhairt chun tacú le do mheasúnú. Ba cheart duit tagairt freisin do dhá chomhlacht fhornáisiúnta ábhartha, e.g. an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), an Banc Domhanda, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO), na Náisiúin Aontaithe (UN), an Aontais Eorpaigh (EU) agus/nó do thuairimí teoiricí ainmnithe amháin a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi.]

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar Cheist ___**

**Spás chun cabhrú leat do fhreagra a ullmhú más rogha leat é a úsáid.**

**Freagra**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á freagairt.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á freagairt.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt 27 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:00